

Uimhreas: Tacair agus oibríochtaí – Moltaí maidir le foghlaim na bpáistí

Bíonn deiseanna ag an bpáiste chun...

Tuiscint a fhorbairt agus ceangail a dhéanamh

- réimse leathan ábhar a shórtáil i dtacair de réir cirtéir ar leith, m.sh., *Inniu táimid chun na feithiclí bréige a shórtáil de réir an chineáil feithicle atá ann.*
- tobmheas, (m.sh., *féach ar líon beag réad agus faigh amach cé mhéad atá ann, gan comhaireamh a dhéanamh*) líon réad i dtacar, m.sh., *Cé mhéad spota a fheiceann tú ar mo phláta páipéir?*
- sainnithin agus léirigh uimhreacha ar bhealaí éagsúla, m.sh., *spota a léiríonn uimhreacha príomha/ilchodacha.*
- déan nasc idir na ceithre oibríocht, m.sh., *lolrú agus suimiú leantach: Is ionann 12×3 agus $12 + 12 + 12$.*
- bain úsáid as fíricí atá ar eolas acu chun fíricí níos casta a thabhairt chun cuimhne, m.sh., $6 \times 12 = 6 \times 10 (60) + 6 \times 2 (12) = 72$.



- déan cur síos ar phróiseas na sórtála agus cosain na critéir roghnaithe ag baint úsáid as teanga oiriúnach, m.sh., *baineann na dronuilleoga go léir leis an tacar seo mar gheall go bhfuil siad tanaí.*
- éist le, déan comparáid idir agus déan plé ar chur síos matamaiticiúla na bpáistí ar thacair agus oibríochtaí.
- a dtuiscint ar na tacair agus oibríochtaí a chur in iúl ar bhealaí éagsúla, m.sh., *Is ionann an roinnt mhatamaiticiúil agus an chomhroinnt.*
- mínigh na rialacha a rialaíonn uimhreacha príomha agus uimhreacha ilchodacha agus léirigh an tuiscint.
- samhlaigh agus/nó déan cur síos ar réimse leathan bealaí chun iolraithe agus factóirí a ghiniúint.



Cumarsáid a dhéanamh

Réasúnaíocht a dhéanamh

- déan idirdhealú idir tacair bunaithe ar a gcainníocht, m.sh., *tá níos mó sa tacar dearg ná mar atá sa tacar gorm.*
- bain úsáid as meastacháin chun suimeanna, difríochtaí, torthaí agus líonta slánuimhreacha a ríomh.
- déan athbhreithniú ar éifeachtúlacht a straitéisí meabhreacha d'oibríochtaí agus cuir in ord éifeachtúlachta iad.
- tabhair buillí faoi thuairim bunaithe ar a bhfiosrúchán, m.sh., *nuair a shuimítear dhá ré-uimhir le chéile, bíonn an freagra ina ré-uimhir.*
- cuir ginearálaithe in iúl ag baint úsáid as focail agus siombail, m.sh., $4 \times 6 = 24$, mar sin $24 \div 6 = 4$ agus $24 \div 4 = 6$.



- léirigh feasacht ar réada atá á dtabhairt isteach nó á mbaint amach as tacar.
- cuir tacair in ord de réir a gcainníochtaí.
- fiosraigh ríomhanna nach mbaineann na smaointe a forbraíodh do ríomh na slánuimhreacha leo, m.sh., *ríomh na gcodán agus na ndeachúlacha.*
- cuir i bhfeidhm agus úsáid straitéisí agus gnásanna meabhreacha chun tascanna a dhéanamh, m.sh., *ag baint úsáid as fíricí atá ar eolas acu, slánú agus meastachán etc.*
- bain úsáid as eolas na gceithre oibríochtaí i gcásanna fíorshaoil.



Cur i bhfeidhm agus fadhbanna a réiteach